C/2025/5116

19.9.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/5116)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Azafrán de la Mancha’

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-0112-AM04 — 23.6.2025

1. **Ainm an táirge**

‘Azafrán de la Mancha’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ TGFC

☑ ATFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Réigiúnach Talmhaíochta, Uisce agus Forbartha Tuaithe, Ard-Stiúrthóireacht Castile-La Mancha um Bia

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Ní áirítear athrú ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint ná ar úsáid an ainm sin ar na leasuithe a dtugtar tuairisc orthu agus a dtugtar bunús leo. Níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc dá dtagraítear in Airteagal 5(2)(b) ar neamhní, ná níl srianta breise i gceist leo maidir le margú an táirge. Dá bhrí sin, comhlíonann na leasuithe an sainmhíniú ar leasú caighdeánach.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Tiomsú liosta shaintréithe an táirge

Tuairisc

Leasú ar Roinn b.4 ‘Saintréithe orgánaileipteacha’

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Cuireadh feabhas ar an tuairisc ar shaintréithe orgánaileipteacha Azafrán de La Mancha agus tugadh cothrom le dáta í.

Foclaíocht reatha na sonraíochta:

b.4) Saintréithe orgánaileipteacha

Is iad seo a leanas saintréithe orgánaileipteacha Azafrán de La Mancha:

b.4.1) Snáitheanna cróch

An sampla a ullmhú: leag 200 mg de shnáitheanna ar mhias Petri.

Cuma — ní bhíonn aon ábhar coimhthíoch nó eachtrach ann. Ar dhath dearg lonrach.

Dea-bholadh - séimh, dian, géar. Rian de dhea-bholaithe róstaithe, meala, féir triomaithe agus bláthanna le brath.

b.4.2) Snáitheanna cróch

An t-insileadh a ullmhú. Cuir 200 mg de stiogmaí meilte criathraithe i lítear amháin uisce ag 60 ± 5 °C i gcomhréir le UNE-ISO 3632-2:2011 nó i gcomhréir le haon chaighdeán a d'fhéadfaí a chur ina ionad amach anseo, cumhdaigh an coimeádán agus déan eastóscadh faoi na dálaí sin ar feadh 20 nóiméad. Scag é, fuaraigh é i ndálaí dorcha go dtí go mbíonn an teocht ag tuairim is 25 °C agus déan measúnú céadfach laistigh de 2 uair an chloig. Bíonn na samplaí le húsáid ag na breithiúna i ngloine chaighdeánach de réir UNE 87022:1992, nó de réir aon chaighdeán a d'fhéadfaí a chur ina ionad amach anseo agus beidh thuairim is 50 ml d'insileadh iontu.

Cuma — lonrach, glé, buí lena mbaineann imireacha éadroma bándearga oráiste.

Dea-bholadh — séimh, dian, géar. Rian de dhea-bholaithe róstaithe, féir thriomaithe, bláthanna agus spíosraí.

Blas — féar triomaithe, blas róstaithe, searbhas éadrom, spíosracht shéimh, spíosraí milse, blas créúil.

Foclaíocht mholta na sonraíochta

b.4) Saintréithe orgánaileipteacha

Is iad seo a leanas saintréithe orgánaileipteacha Azafrán de La Mancha:

b.4.1) Snáitheanna cróch

An sampla a ullmhú: leag 200 mg de shnáitheanna ar mhias Petri.

Cuma — Dath dearg lonrach.

Dea-bholadh — séimh, dian, géar. Rianta de dhea-bholaithe róstaithe

b.4.2) Insileadh cróch

An t-insileadh a ullmhú. Cuir 200 mg de stiogmaí meilte criathraithe i lítear amháin uisce ag 60 ± 5 °C i gcomhréir le UNE-ISO 3632-2:2011 nó i gcomhréir le haon chaighdeán a d'fhéadfaí a chur ina ionad amach anseo, cumhdaigh an coimeádán agus déan eastóscadh faoi na dálaí sin ar feadh 20 nóiméad. Scag é, fuaraigh é i ndálaí dorcha go dtí go mbíonn an teocht ag tuairim is 25 °C agus déan measúnú céadfach laistigh de 2 uair an chloig. Bíonn na samplaí le húsáid ag na breithiúna i ngloine chaighdeánach de réir UNE 87022:1992, nó de réir aon chaighdeán a d'fhéadfaí a chur ina ionad amach anseo agus beidh tuairim is 50 ml d'insileadh iontu.

Cuma — lonrach, glé, buí lena mbaineann imireacha éadroma bándearga oráiste.

Dea-bholadh — séimh, dian, géar. Rian de dhea-bholaithe róstaithe.

Blas — rósta, searbhas éadrom, spíosraitheacht éadrom.

Cúis/Cúiseanna

Cúiseanna leis an leasú

Athraíodh an tsonraíocht maidir le saintréithe an chróch mar shnáitheanna agus é insilte in uisce, i gcomhréir leis na torthaí anailíseacha a fuarthas i bpainéal blaiste neamhspleách.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Foclaíocht a cuireadh feabhas uirthi i Roinn G 'Faisnéis lipéadaithe'.

Tuairisc

Leasú ar Roinn G 'Faisnéis lipéadaithe atá nasctha leis an ainmniúchán tionscnaimh'

Sonraíodh an stádas deimhniúcháin don oibreoir pacáistithe ar féidir leis lipéid thánaisteacha a iarraidh.

Foclaíocht reatha na sonraíochta:

Ní féidir ainm an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Azafrán de La Mancha' a úsáid ach amháin ar lipéadú cróch a chomhlíonann an tsonraíocht táirge seo agus arna dheimhniú amhlaidh ag an gcomhlacht cigireachta. Ina theannta sin, ní féidir ainmneacha na gceantar agus na mbardas ina bhfuil an limistéar geografach táirgeachta ar a dtugtar tuairisc i Roinn C den tsonraíocht táirge seo a úsáid ar lipéadú aon chróch nach gcomhlíonann na ceanglais sin. Déantar é sin chun mearbhall i measc tomhaltóirí a chosc trí úsáid a bhaint as ainmneacha geografacha a bhaineann go huathoibríoch leis an ainm faoi chosaint 'La Mancha'.

Chomh maith le comhlíonadh na reachtaíochta lipéadaithe atá i bhfeidhm a áirithiú, ní mór do phacálaithe an méid seo a leanas a thaispeáint go soiléir soléite ar phacáistíocht Azafrán de La Mancha a chuirtear ar an margadh:

1) An frása 'Denominación de Origen Protegida Azafrán de La Mancha';

2) Bliain na buainte, trí úsáid a bhaint as an bhfoirm seo a leanas: 'Buaint XXXX', inarb ionann XXXX agus bliain an táirgthe arna sloinneadh i gceithre dhigit;

3) An dáta 'b'fhearr roimh', ní mór gur i gceann trí bliana a bheadh sé;

4) An tásc tionscnaimh trí úsáid a bhaint as aon cheann de na nathanna seo a leanas: 'Producto de España' [Táirge na Spáinne], 'producido en España' [Arna tháirgeadh sa Spáinn] nó 'Producto español' [Táirge Spáinneach].

Ní mór lipéad tánaisteach ar a bhfuil an íomhá thíos a ghreamú den phacáistíocht, sna dathanna sainithe, agus leis an gcód alfa-uimhriúil XXYYYYYYYY, ina bhfuil XX ina dhá litir den aibítir lena sainaithnítear bliain táirgthe an chróch, agus is uimhir é YYYYYYYY lena sainaithnítear an phacáistíocht.

Tá sé de cheart ag pacálaithe na lipéid thánaisteacha sin a fháil nuair a bheidh siad deimhnithe de réir UNE-EN ISO/IEC 17065:2012, nó aon chaighdeán a d'fhéadfaí a chur ina ionad amach anseo, agus nuair a thug siad cuntas leis an mBord Rialála ar 90 % ar a laghad de na lipéid thánaisteacha atá ina seilbh acu. Is é an comhlacht bainistíochta a riarann na lipéid thánaisteacha. Eisítear iad do phacálaithe incháilithe le réamhúdarú ón gcomhlacht cigireachta.

Is iad seo a leanas oibleagáidí na bpacálaithe maidir leis na lipéid thánaisteacha:

1) Úsáid a bhaint as na modhanna agus as an bhformáid a bhunaigh an Bord Rialála, chun an Bord a chur ar an eolas maidir le húsáid na lipéad tánaisteach sa phróiseas pacáistithe. Is é an spriocdháta chun an fhaisnéis sin a sholáthar 60 lá féilire ón dáta úsáide. Aon neamhréireacht i gcainníocht os cionn 0,01 %, ní mór údar cuí a thabhairt don chomhlacht rialúchán le linn na n-iniúchtaí deimhniúcháin. Aon lipéad tánaisteach nár úsáideadh a thabhairt ar ais don Bhord Rialála. Is é an 15 Eanáir an spriocdháta le haghaidh fillte sa bhliain tar éis na bliana ina bhféadfaí na lipéid a úsáid i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge seo.

Foclaíocht nua mholta na sonraíochta táirge:

Ní féidir ainm an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Azafrán de La Mancha' a úsáid ach amháin ar lipéadú cróch a chomhlíonann an tsonraíocht táirge seo agus arna dheimhniú amhlaidh ag an gcomhlacht cigireachta. Ina theannta sin, ní féidir ainmneacha na gceantar agus na mbardas ina bhfuil an limistéar geografach táirgeachta ar a dtugtar tuairisc i Roinn C den tsonraíocht táirge seo a úsáid ar lipéadú aon chróch nach gcomhlíonann na ceanglais sin. Déantar é sin chun mearbhall i measc tomhaltóirí a chosc trí úsáid a bhaint as ainmneacha geografacha a bhaineann go huathoibríoch leis an ainm faoi chosaint 'La Mancha'.

Chomh maith le comhlíonadh na reachtaíochta lipéadaithe atá i bhfeidhm a áirithiú, ní mór do phacálaithe an méid seo a leanas a thaispeáint go soiléir soléite ar phacáistíocht Azafrán de La Mancha a chuirtear ar an margadh:

1) An frása 'Denominación de Origen Protegida Azafrán de La Mancha';

2) Bliain na buainte, agus an fhoirm seo a leanas á húsáid: 'Buaint XXXX', inarb ionann XXXX agus bliain an táirgthe arna sloinneadh i gceithre dhigit;

3) An dáta 'b'fhearr roimh', nach mór a bheith ann trí bliana;

4) An tásc tionscnaimh trí úsáid a bhaint as aon cheann de na nathanna seo a leanas: 'Producto de España' [Táirge na Spáinne], 'producido en España' [Arna tháirgeadh sa Spáinn] nó 'Producto español' [Táirge Spáinneach].

Ní mór lipéad tánaisteach ar a bhfuil an íomhá thíos a ghreamú den phacáistíocht, sna dathanna sainithe, agus leis an gcód alfa-uimhriúil XXYYYYYYYY, ina bhfuil XX ina dhá litir den aibítir lena sainaithnítear bliain táirgthe an chróch, agus is uimhir é YYYYYYYY lena sainaithnítear an phacáistíocht.

Tá sé de cheart ag pacálaithe na lipéid thánaisteacha sin a fháil nuair a bheidh siad deimhnithe ag comhlacht cigireachta údaraithe, i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge le haghaidh ATFC Azafrán de la Mancha; agus nuair a thug siad cuntas don Bhord Rialála ar 90 % ar a laghad de na lipéid thánaisteacha atá ina seilbh acu. Is é an comhlacht bainistíochta a riarann na lipéid thánaisteacha. Eisítear iad do phacálaithe incháilithe le réamhúdarú ón gcomhlacht cigireachta.

Is iad seo a leanas oibleagáidí na bpacálaithe maidir leis na lipéid thánaisteacha:

1) Úsáid a bhaint as na modhanna agus as an bhformáid a bhunaigh an Bord Rialála, chun an Bord a chur ar an eolas maidir le húsáid na lipéad tánaisteach sa phróiseas pacáistithe. Is é an spriocdháta chun an fhaisnéis sin a sholáthar 60 lá féilire ón dáta úsáide. Aon neamhréireacht i gcainníocht os cionn 0,01 %, ní mór údar cuí a thabhairt don chomhlacht rialúchán le linn na n-iniúchtaí deimhniúcháin.

2) Aon lipéad tánaisteach nár úsáideadh a thabhairt ar ais don Bhord Rialála. Is é an 15 Eanáir an spriocdháta le haghaidh fillte sa bhliain tar éis na bliana ina bhféadfaí na lipéid a úsáid i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge seo.

Cúis/Cúiseanna

Cúis an leasaithe - Earráidí léirmhínithe a sheachaint maidir le stádas deimhniúcháin pacálaí faoi UNE-EN ISO/IEC 17065:2012, nó aon chaighdeán a d'fhéadfaí a chur ina ionad amach anseo.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Azafrán de la Mancha'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-0112-AM04 — 23.6.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Azafrán de la Mancha'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Spáinn

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

0910 — Sinséar, cróch, tuirmiric (*curcuma*), tím, duilleoga labhrais, curaí agus spíosraí eile

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is spíosra é Azafrán de La Mancha i bhfoirm snáitheanna a fhaightear trí stiogmaí *Crocus sativus* L a róstadh.

b.1 Saintréithe fisiceacha

b.1.1 Gléine

Cuirtear sonraíochtaí íonachta Azafrán de La Mancha agus na modhanna anailíse a úsáidtear i láthair sa tábla seo a leanas:

Ábhar coimhthíoch (% p) — ≤ 0,5 — Modh anailíse UNE ISO 3632-2: 2011. Caibidil 8 nó aon chaighdeán a d'fhéadfaí a chur ina hionad amach anseo.

Ábhar eachtrach (% p) — ≤ 0,1 — Modh anailíse UNE ISO 3632-2: 2011. Caibidil 9 nó aon chaighdeán a d'fhéadfaí a chur ina hionad amach anseo.

Is é atá san ábhar coimhthíoch ná na codanna de bhláth *Crocus sativus* L. nach bhfuil beartaithe lena n-úsáid mar spíosra. Mar shampla, peitil, stíleanna atá scoite, staimíní, gráin phailine agus codanna den ubhagán.

Is é atá san ábhar eachtrach aon iarmhar eile nach dtagann ó bhláth *Crocus sativus* L. D'fhéadfadh an t-ábhar eachtrach a bheith de bhunadh plandúil (duilleoga, tuí, peitil, etc.); ainmhíoch (feithidí iomlána nó a mbloghanna nó iarsmaí ainmhíocha eile); mianrach (cré, clocha, etc.) nó eile (páipéar, fabraic, plaisteach, miotal, etc.).

b.1.2 **Saintréithe toiseacha**

Cuirtear saintréithe toiseacha shnáitheanna Azafrán de La Mancha i láthair sa tábla seo a leanas:

Cóimheas íosta stiogma/fad stíle — Teorainn 2:1 — Lamháltas (%) — 1

b.2 **Saintréithe ceimiceacha**

Leagtar amach sa tábla seo a leanas saintréithe ceimiceacha Azafrán de La Mancha, na modhanna anailíse is gá agus na lamháltais uasta cheadaithe:

Taise agus substaintí so-ghalaithe (%) - < [sic] 11

Cumhacht dathúcháin > 200

Cumhacht bhlaistithe > 20

Cumhacht shearbhaithe (piocracróicin) > 70

Dathúcháin shaorga mrpl[1] (Íoschion dathúcháin, arna shloinneadh i mg/kg, agus é le brath agus le deimhniú)

Modh anailíse: UNE-ISO 3632-2:2011 nó aon chaighdeán a d'fhéadfaí a chur ina ionad amach anseo

b.4) **Saintréithe orgánaileipteacha**

Is iad seo a leanas saintréithe orgánaileipteacha Azafrán de La Mancha:

b.4.1) Snáitheanna cróch

Ullmhúchán samplaí: leag 200 mg de shnáitheanna ar mhias Petri.

Cuma - ar dhath dearg lonrach.

Dea-bholadh - séimh, dian, géar. Rianta de dhea-bholaithe róstaithe

b.4.2) Insileadh cróch

An t-insileadh a ullmhú. Cuir 200 mg de stiogmaí meilte criathraithe i lítear amháin uisce ag 60 ± 5 °C i gcomhréir le UNE-ISO 3632-2:2011 nó i gcomhréir le haon chaighdeán a d'fhéadfaí a chur ina ionad amach anseo, cumhdaigh an coimeádán agus déan eastóscadh faoi na dálaí sin ar feadh 20 nóiméad. Scag é, fuaraigh é i ndálaí dorcha go dtí go mbíonn an teocht ag tuairim is 25 °C agus déan measúnú céadfach laistigh de 2 uair an chloig. Bíonn na samplaí le húsáid ag na breithiúna i ngloine chaighdeánach de réir UNE 87022:1992, nó de réir aon chaighdeán a d'fhéadfaí a chur ina ionad amach anseo agus beidh tuairim is 50 ml d'insileadh iontu.

Cuma - lonrach, glé, buí lena mbaineann imireacha éadroma bándearga oráiste.

Dea-bholadh - séimh, dian, géar. Rianta de dhea-bholaithe róstaithe

Blas - rósta, searbhas éadrom, spíosraitheacht éadrom.

Más gá, agus mar thagairt, na téarmaí, na sainmhínithe agus na sonraíochtaí dá dtagraítear i gcaighdeáin UNE-ISO 3632-1:2012 'Cróch (*Crocus sativus* L.)', Cuid 1: Sonraíochtaí; agus UNE-ISO 3632-2:2011 'Spíosraí. (*Crocus sativus* L.)', Cuid 2: Beidh feidhm ag modhanna anailíse, nó, i gcás inarb iomchuí, ag aon chaighdeán a d'fhéadfaí a chur ina ionad amach anseo, agus úsáidfear iad.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Fástar, buantar agus triomaítear an cróch sa limistéar geografach sainithe.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní féidir ainm an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Azafrán de La Mancha' a úsáid ach amháin ar lipéadú cróch a chomhlíonann an tsonraíocht táirge seo agus arna dheimhniú amhlaidh ag an gcomhlacht cigireachta. Ina theannta sin, ní féidir ainmneacha na gceantar agus na mbardas ina bhfuil an limistéar geografach táirgeachta ar a dtugtar tuairisc i Roinn C den tsonraíocht táirge seo a úsáid ar lipéadú aon chróch nach gcomhlíonann na ceanglais sin. Déantar é sin chun mearbhall i measc tomhaltóirí a chosc trí úsáid a bhaint as ainmneacha geografacha a bhaineann go huathoibríoch leis an ainm faoi chosaint 'La Mancha'.

Chomh maith le comhlíonadh na reachtaíochta lipéadaithe atá i bhfeidhm a áirithiú, ní mór do phacálaithe an méid seo a leanas a thaispeáint go soiléir soléite ar phacáistíocht 'Azafrán de La Mancha' a chuirtear ar an margadh:


1) An frása 'Denominación de Origen Protegida Azafrán de La Mancha';

2) Bliain na buainte, trí úsáid a bhaint as an bhfoirm seo a leanas: 'Buaint XXXX', inarb ionann XXXX agus bliain an táirgthe arna sloinneadh i gceithre dhigit;

3) An dáta 'b'fhearr roimh', ní mór gur i gceann trí bliana a bheadh sé;

4) An tásc tionscnaimh trí úsáid a bhaint as aon cheann de na nathanna seo a leanas: 'Producto de España' [Táirge na Spáinne], 'producido en España' [Arna tháirgeadh sa Spáinn] nó 'Producto español' [Táirge Spáinneach].

Ní mór lipéad tánaisteach ar a bhfuil an íomhá thíos a ghreamú den phacáistíocht, sna dathanna sainithe, agus leis an gcód alfa-uimhriúil XXYYYYYYYY, ina bhfuil XX in dhá litir den aibítir lena sainaithnítear bliain táirgthe an chróch, agus is uimhir é YYYYYYYY lena sainaithnítear an phacáistíocht.



Is iad seo a leanas oibleagáidí na bpacálaithe maidir leis na lipéid thánaisteacha:

1) Úsáid a bhaint as na modhanna agus as an bhformáid a bhunaigh an Bord Rialála, chun an Bord a chur ar an eolas maidir le húsáid na lipéad tánaisteach sa phróiseas pacáistithe. Is é an spriocdháta chun an fhaisnéis sin a sholáthar 60 lá féilire ón dáta úsáide. Aon neamhréireacht i gcainníocht os cionn 0,01 %, ní mór údar cuí a thabhairt don chomhlacht rialúcháin le linn na n-iniúchtaí deimhniúcháin.

2) Aon lipéad tánaisteach nár úsáideadh a thabhairt ar ais don Bhord Rialála. Is é an 15 Eanáir an spriocdháta le haghaidh fillte sa bhliain tar éis na bliana ina bhféadfaí na lipéid a úsáid i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge seo.

4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

Síneann an limistéar a chumhdaítear leis an ainmniúchán soir ó dheas ó réigiún lárnach Castile-La Mancha. Cuimsíonn croílár an limistéir ainmniúcháin ceantair La Mancha i gcúigí Toledo, Ciudad Real, Cuenca agus Albacete.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc:

Tugadh cróch isteach sa Spáinn le linn réimeas na nArabach. San 8ú agus sa 9ú haois is iad meánaicmí uachtaracha na hAndalúise a d'úsáideadh é. Blaistíodh miasa Arabacha le go leor luibheanna, fásadh iad i ngach gort dá bharr sin agus ba iad cuimín, cearbhas, cuimín dubh, biolar, ainís mhilis, finéal, ainís, lus an choire, mustard, miontas, lus an phiobair agus peirsil na príomhchineálacha a fásadh. Bhí an cróch ar an tarsann ba thábhachtaí, áfach, i ngeilleagar na nArabach toisc gur dhathú agus blastán riachtanach i bhformhór na mias a bhí ann.

Soláthraítear le saothar ó ré níos déanaí - le J. A. López de la Osa (1897), fianaise scríofa ar fhás cróch in La Mancha. Áirítear sa leabhar eolas ar an mbarr ó 100 bliain roimhe sin agus tugtar sliocht ann as fardal dlíthiúil ó 1720 ina luaitear an cróch freisin. Sa chéad tríú cuid den 19ú haois bhí an cróch den chaighdeán is fearr sa Spáinn á tháirgeadh in La Mancha, ina raibh an táirgeacht is airde in aghaidh an heicteáir de thalamh tirim. Tá doiciméadú an-mhaith déanta ar thraidisiún fhás an chróch i Pedro Muñoz, Campo de Criptana agus Manzanares (Ciudad Real), i Lillo, Madridejos, Villacañas, Villanueva de Alcardete agus Cabezamesada (Toledo) agus i Montilla del Palancar (Cuenca).

Is in iliomad traidisiúin chultúrtha an cheantair is féidir an fhianaise is fearr a fháil le nasc láidir stairiúil idir réigiún La Mancha agus an cróch.

Dála na ngníomhaíochtaí uile atá fréamhaithe go domhain sa tsochaí, tá saothrú cróch ina chúis le stór focal saibhir dá chuid féin. An saothar le M. Núñez agus J. C. Conde - (*Al-Basit:* In *Revista de Estudios Albacetenses* [Iris Staidéar Albacete], 28, Albacete 1991) áirítear réimse leathan nathanna a bhaineann le cróch a bailíodh i suirbhéanna a rinneadh i gcúige Albacete. Léirítear an traidisiún a bhaineann le fás an chróch in La Mancha i mbéaloideas sonrach an réigiúin, i ndamhsa traidisiúnta réigiúnach atá tiomnaithe don táirge, agus in amhráin agus i nathanna cainte. Is é is cúlra freisin don mhion-cheoldráma dar teideal - (libretto le F. Romero agus G. Fernández Shaw; agus ceol le Jacinto Guerrero, a léiríodh den chéad uair i Maidrid in 1930).

Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil lámhleabhair theagaisc ann ina bhfuil tuairisc ar theicnící fáis agus táirgthe, cuir i gcás an saothar thuasluaite le J. A. López de la Osa agus le L. Jiménez Martín (Albacete: Imprenta Eduardo Miranda, 1900).

Léirítear an tábhacht a bhaineann leis an mbarr sin sa chultúr traidisiúnta freisin leis an 'Fiesta de la Rosa del Azafrán', a bhíonn ar siúl i Consuegra (Toledo), na comórtais scafa cróch a reáchtáiltear mar chuid de cheiliúradh an phátrúin in La Solana (Ciudad Real), agus an 'Festival de la Rosa del Azafrán' i Santa Ana (Albacete).

Ar deireadh, is léiriú soiléir ar chineál traidisiúnta agus tábhacht eacnamaíoch an bhairr sin an nós roinnt snáithíní cróch a thabhairt do lánúineacha nuaphósta mar shiombail den rathúnas a ghuitear orthu, nós atá á chleachtadh fós i roinnt sráidbhailte in La Mancha,.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

http://pagina.jccm.es/agricul/paginas/comercial-industrial/consejos_new/pliegos/20220404_PC_Azafran_II.pdf